cetb

Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Cork Education and Training Board

Bord Oideachais & Oiliúna Chorcaí

ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

AN SCÉIM TEANGA

2019 - 2022

Clár Ábhar

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra 3
1.1 Réamhrá 3
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime 3
1.3 Dáta tosaithe na Scéime 3

Caibidil 2: Forbhreathnú ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí 4
2.1 Misean agus Cuspóirí 4
2.2 Príomhfheidhmeanna 4
2.3 Príomhsheirbhísí 4
2.4 Custaiméirí agus Cliaint 4

Caibidil 3: Sonraí maidir le seirbhísí a sholáthraítear faoi láthair i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó sa dá theanga 6

Caibidil 4: Feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí Gaeilge 7

Caibidil 5: Feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí Gaeilge sna Ceantair Ghaeltachta 12

Caibidil 6: Feabhas a chur ar Chumas Teanga 13
6.1 Earcaíocht 13
6.2 Foghlaim agus Forbairt 13
6.3 Poist Gaeilge Ainmnithe 15

Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú 16

Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe 17

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Déantar foráil in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i leith ullmhú scéime ag comhlachtaí poiblí ina dtugtar eolas mionsonraithe ar na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta atá le glacadh lena chinntiú go ndéanfar seirbhís ar bith nach bhfuil á soláthar faoi láthair ag comhlacht trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh laistigh de thréimhse ama aontaithe.

I gcomhréir le halt 14(3) den Acht, bíonn scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go ndearbhóidh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta scéim nua, cibé acu is déanaí.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Agus an scéim á hullmhú, tugadh aird faoi leith ar na Treoirlínte a d'eisigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Lena chois sin, bhí próiseas cuimsitheach comhairliúcháin ar siúl leis na páirtithe leasmhara ábhartha.

Treoraítear Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí (BOO Chorcaí) leis an bprionsabal gur cheart soláthar seirbhísí Gaeilge a bhunú ar an méid seo a leanas:

- leibhéal an éilimh ar sheirbhísí sonracha sa Ghaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach maidir le soláthar na seirbhísí sin, agus
- na hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais, agus cumas an chomhlachta lena mbaineann an inniúlacht teanga is gá a fhorbairt nó a rochtain.

Comhlánaítear leis an scéim seo na prionsabail maidir le Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus ár gCairt Custaiméirí. Ceapadh í lena chinntiú go dtabharfar aghaidh go hiomlán ar na hoibleagáidí ábhartha ar fad faoin Acht na dTeangacha Oifigiúla ag BOO Chorcaí ar bhonn incriminteach, tríd an scéim seo agus scéimeanna amach anseo.

Tá an Scéim tuartha ar na tiomantais ar fad i scéim ar bith roimhe seo a bheith curtha chun feidhme. I gcás nár cuireadh na tiomantais i scéimeanna níos luaithe chun feidhme go hiomlán go dtí seo, bhí /tá /beidh an t-ábhar sin ina ábhar plé le hOifig an Choimisinéara Teanga.

Ba mhór againn an t-am agus an iarracht atá curtha isteach ag gach duine atá bainteach sa phróiseas seo agus táimid an-bhuíoch as.

1.3 Dáta thosach feidhme na Scéime

Dhearbhaigh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an Scéim seo. Tosaíonn sí le héifeacht ón **09 Meán Fómhair 2019** agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go ndearbhófar scéim nua, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2: Forbhreathnú ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

2.1 Misean agus Cuspóirí

Soláthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO Chorcaí) oideachas, oiliúint agus seirbhísí don ógra i gCorcaigh a aithnítear ar bhonn idirnáisiúnta mar eiseamláir de scothchleachtas, go dtacaíonn sé leo agus go gcomhordaíonn sé iad. Is é BOO Chorcaí atá ag spreagadh an oideachais agus na hoiliúna i gCorcaigh, ag soláthar seirbhísí ardchaighdeáin atá nuálach, freagrúil agus cuimsitheach. Trí BOO Chorcaí, tá conair ann do gach foghlaimeoir. Is í aidhm ár scoileanna, ár gcoláistí, ár n-ionad oiliúna agus ár gclár pobalbhunaithe ná timpeallacht dhearfach agus bheoga foghlama a chur ar fáil ina dtacófar lenár bhfoghlaimeoirí agus lena gcuirfear dúshlán orthu lena gcumas iomlán a bhaint amach. Táimid dírithe ar an bpobal agus bunaithe ar chomhionannas, agus béim ar sholáthar teagaisc agus foghlama den scoth.

2.2 Príomhfheidhmeanna

Bunaíodh BOO Chorcaí faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Is é an t-aon chomhlacht reachtúil i gCorcaí ag a bhfuil an fhreagracht as oideachas agus oiliúint a sholáthar thar réimse leathan seirbhísí. Is é príomhfhócas BOO Chorcaí ná teagasc, oiliúint agus foghlaim a chur ar fáil do chách, trí thimpeallachtaí dearfacha foghlama ina bhfuil na hacmhainní cuí agus timpeallacht oibre a bheidh dearfach, gairmiúil agus tacúil a chur ar fáil do na baill foirne ar fad.

2.3 Príomhsheirbhísí

Tá BOO Chorcaí freagrach as seirbhísí oideachais agus oiliúna a sholáthar ag bunscoileanna, iarbhunscoileanna agus coláistí, coláistí aosach/breisoideachais, ionaid oiliúna, ionaid oideachais don óige atá faoi dhíon ar fud a réigiúin riaracháin. Seachadann an BOO raon tacaíochtaí chomh maith do na baill foirne agus do na scoláirí go léir ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear acmhainní airgeadais, acmhainní daonna, tógáil, dlíthiúil, TFC, pleanáil oideachais, treoir do scoláirí, forbairt ghairmiúil, rialachas corparáideach agus bainistíocht.

2.4 Custaiméirí agus Cliaint

Is iad sprioc-cliaint BOO Chorcaí ná:

- Foghlaimeoirí inár scoileanna, coláistí agus ionaid oiliúna;
- Iarratasóirí faoi na scéimeanna éagsúla um thacaíocht d'fhoghlaimeoirí;
- Soláthraithe agus úsáideoirí na Seirbhísí don Ógra;
- Grúpaí Oideachais agus Oiliúna Pobail;
- Eagraíochtaí Deonacha Pobail;
- Pobail ar fud an Réigiúin.

Tacaímid lenár scoláirí agus leis na húsáideoir seirbhísí ón mbunleibhéal go dtí breisoideachas agus oiliúint d'aosaigh trí earcaíocht, rannpháirtíocht le gairmithe ardchaighdeáin agus a bhforbairt ar fud ár seirbhísí. Agus amhlaidh á dhéanamh, is féidir linn cláir ardchaighdeáin ábhartha oideachais agus oiliúna atá oiriúnach agus iomchuí a sheachadadh i dtimpeallachtaí agus suíomhanna éagsúla, i gcás go bhfuil teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán ag croílár ár ngníomhaíochtaí go léir, agus béim ar rochtain, ar aistriú agus ar dhul chun cinn.

Is iad seo a leanas líon na bhfoghlaimeoirí agus na rannpháirtithe a bhí páirteach i ngníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna BOO Chorcaí in 2018:

Daltaí Bunscoile	258
Daltaí Iarbhunscoile	11,476
Scoláirí Breisoideachais (PLC)	4000
Oiliúint Printíseachta	1200
Oiliúint Chumaisc	9
Ionaid Oiliúna Pobail	220
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	579
Soláthraithe Sainoiliúna	362
Oiliúint i Sainscileanna	1,376
Oiliúint i gCúrsaí Oiliúna	286
Ógtheagmháil	768
Litearthacht do Ghrúpaí Aosach	4,335
Grúpaí BTEI	3,030
ESOL	931
Oiliúint Oíche	930
ITABE	235
Scileanna don Obair	205
Oideachas Pobail	4,375
IOMLÁN	34,575

Caibidil 3: Sonraí maidir le seirbhísí a sholáthraítear faoi láthair i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó sa dá theanga

Léirigh an teanga ina soláthraítear do sheirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí i gceantair Ghaeltachta.

Soláthar Seirbhísí (Cuir tic sa bhosca ábhartha le do thoil)			
Ainm na Seirbhíse	**I mBéarla amháin**	**I nGaeilge amháin**	**Sa dá theanga**
Oifigí Riaracháin	Go ginearálta, bíonn an soláthar i mBéarla amháin, ach mar sin féin táthar ábalta déileáil sa dá theanga trí aistriúchán dá n-iarrfaí é sin.		
Ionad Oiliúna	Go ginearálta, bíonn an soláthar i mBéarla amháin, ach mar sin féin táthar ábalta déileáil sa dá theanga trí aistriúchán dá n-iarrfaí é sin.		
Iarbhunscoileanna/Coláistí/Bunscoileanna	Iad ar fad, seachas na cinn atá luaite thíos		
Gaelcholáiste Choilm			Sa dá theanga
Coláiste Daibhéid			Sa dá theanga
Coláistí Breisoideachais	I mBéarla Amháin		
Oideachas Aosach agus Pobail			Sa dá theanga
Scoil Cheoil BOO Chorcaí	I mBéarla Amháin		
Ógtheagmháil	I mBéarla Amháin		
Seirbhísí don Ógra			Sa dá theanga
Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin			Sa dá theanga

Soláthar Seirbhísí i gceantair Ghaeltachta			
Ainm na Seirbhíse	**I mBéarla amháin**	**I nGaeilge amháin**	**Sa dá theanga**
Coláiste Ghobnatan, Baile Mhuirne			Sa dá theanga
Scoil Mhuire, Béal Átha'n Ghaorthaidh			Sa dá theanga
Ionad Cultúrtha, Baile Bhuirne			Sa dá theanga
Ranganna Oíche			Sa dá theanga
Gnóthaí na hÓige			Sa dá theanga

Caibidil 4: Feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí Gaeilge

Tá na forálacha atá faoi scáth liath sa tábla thíos ina gceanglais éigeantacha faoin Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Modh cumarsáide leis an bpobal		Gealltanas	
Fógraí Taifeadta Béil		**Beidh na fógraí taifeadta béil seo a leanas i nGaeilge nó sa dá theanga:** **(a) Fógraí taifeadta béil a thugtar ar an nguthán nuair a bhíonn oifigí an chomhlachta phoiblí dúnta;** **(b) Fógraí taifeadta béil a tharchuirtear trí chóras fógartha poiblí;** **(c) Fógraí taifeadta béil a chruthaítear agus a tharchuirtear trí bhíthin córas curtha teachtaireachtaí ríomhairithe nó córas freagartha gutháin ríomhairithe.** **Baineann an fhoráil seo le fógraí 'taifeadta' seachas 'fógraí beo'.** **I gcás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, ceanglaítear ar chomhlacht poiblí úsáid a bhaint as an leagan Gaeilge den logainm a bheidh sainithe san Ordú sin i bhfógraí taifeadta béil a dhéanann sé nó a dhéantar thar a cheann.**	**Éigeantach**
Cumarsáid Scríofa	**Litreacha agus Ríomhphost**	**Tabharfar freagra ar an gcumarsáide scríofa ar fad sa teanga oifigiúil ina ngeofar í.**	**Éigeantach**
	Páipéarachas	**Cuirtear ceannteidil pháipéarachais, lena n-áirítear páipéar litreach, duillíní dea-mhéine, bileoga cumhdaigh facs, cumhdaigh chomhaid agus fillteáin, lipéid agus imchlúdaigh eile ar fáil i nGaeilge nó sa dá theanga.**	**Éigeantach**
Comharthaíocht	**Comharthaíocht**	**Ní foláir nó go mbeidh gach comhartha a chuireann BOO Chorcaí suas nó a chuirtear suas thar a cheann i nGaeilge nó sa dá theanga, i gcomhréir leis na rialacháin (I.R. Uimh. 391/2008).**	**Éigeantach**
Foilseacháin	**Foilseacháin**	**Déanfar doiciméid ina leagtar amach tograí beartais phoiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha**	**Éigeantach**

		bliantúla agus ráitis straitéise a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.	
	Imlitreacha/Coir Phoist	**I gcás go ndéanann comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó tríd an ríomhphost leis an bpobal i gcoitinne nó aicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht go mbeidh an chumarsáid i nGaeilge nó i mBéarla agus i nGaeilge.**	**Éigeantach**
An Ghaeltacht	**Logainmneacha Gaeltachta**	**Úsáidfidh comhlacht poiblí logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta i gcomhréir leis an reachtaíocht.**	**Éigeantach**

Tabharfaidh BOO Chorcaí faoin liosta seo a leanas de ghníomhaíochtaí faoi gach seirbhís.

Modh cumarsáide leis an bpobal		**Gealltanas**	**Amlíne Faoi dheireadh Bhliain 1/ Bl.2 / Bl.3**
Cumarsáid Bhéil / Scríofa	**Fáilteachas**	Tá a fhios ag an bhfoireann fáilteachais na bunbheannachtaí i nGaeilge. Dearbhófar rogha teanga an chustaiméara agus treorófar sé/sí chuig an oifigeach cuí. Mura mbíonn an t-oifigeach ar fáil, tairgfear na roghanna seo a leanas: - Glaoigh ar ais nuair a bheidh cainteoir Gaeilge ar fáil - An gnó a dhéanamh trí bhall eile den fhoireann a chuirfidh seirbhís aistriúcháin ar fáil nó - Leanúint leis an ngnó a dhéanamh i mBéarla	Deireadh Bl.1 Deireadh Bl.2
	Litreacha agus Ríomhphost	Tabharfar freagra ar an gcumarsáide scríofa ar fad sa teanga oifigiúil ina ngeofar í.	Éigeantach
	Seirbhísí Aghaidh le hAghaidh/ Cuntair	Cuirfear liosta cothrom le dáta ar fáil de na baill foirne ar féidir leo seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge.	Bl.2
	Lasc-chlár	Tabharfaidh foireann an lasc-chláir ainm an chomhlachta phoiblí i nGaeilge agus i mBéarla.	Bl.1 Deireadh Bl.2

		Beidh a fhios ag foireann an lasc-chláir na bunbheannachtaí i nGaeilge agus beidh siad ábalta an glao a chur ar aghaidh chuig ball eile den fhoireann a labhraíonn Gaeilge.	
	Cumarsáid ar an nguthán leis an bpobal	Cuirfidh baill foirne dhátheangacha in iúl do na custaiméirí go bhfuil siad sásta a ngnó a dhéanamh i nGaeilge, más gá.	I bhfeidhm nuair atá siad ar fáil
	Fógraí Taifeadta Béil	Beidh a mbeannachtaí pearsanta gutháin réamhthaifeadta ag an bhfoireann ar ghutháin aonair i bhformáid dhátheangach nuair is infheidhme.	Éigeantach
	Fógraí beo	Beidh 10% de na fógraí beo sa dá theanga.	Spreagfar é sin
	Páipéarachas	Cuirtear ceannteidil pháipéarachais, lena n-áirítear páipéar litreach, duillíní dea-mhéine, bileoga cumhdaigh facs, cumhdaigh chomhaid agus fillteáin, lipéid agus imchlúdaigh eile ar fáil i nGaeilge nó sa dá theanga.	Éigeantach
	Bileoga eolais/ Bróisiúir	Beidh leagan dátheangach nó leagan Gaeilge de na bileoga eolais agus de na bróisiúir is mó a úsáidtear ar fáil, ag tosú le scoileanna nua go dtí scoileanna atá ann cheana.	Bl.1
	Foirmeacha iarratais	Beidh leagan dátheangach nó leagan Gaeilge de na foirmeacha iarratais is mó a úsáidtear ar fáil lena n-áirítear foirmeacha earcaíochta.	Bl.2
	Eile	Beidh na foirmeacha iarratais nua ar fad ar fáil i nGaeilge nó sa dá theanga.	Bl.1
Foilseacháin	**Foilseacháin**	Déanfar doiciméid ina leagtar amach tograí beartais phoiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.	Éigeantach
	Imlitreacha/Cora Phoist	I gcás go ndéanann comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó tríd an ríomhphost leis an bpobal i gcoitinne nó aicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht go mbeidh an chumarsáid i nGaeilge nó i mBéarla agus i nGaeilge.	Éigeantach
Na Meáin	**Preaseisiúintí**	Eiseofar gach preaseisiúint sa dá theanga.	Bl.1
	Urlabhraithe na	Beidh urlabhraí/urlabhraithe a labhraíonn	I bhFeidhm.

	Meán	Gaeilge ar fáil le haghaidh agallamh le meán na Gaeilge.	
	Óráidí	Spreagfaimid úsáid ábhair i nGaeilge i ngach óráid fhoirmiúil agus oifigiúil. Áireofar in ábhar dá leithéid beannacht tosaigh agus deiridh i nGaeilge, agus tagairtí anseo is ansiúd i nGaeilge d'ábhar na n-óráidí sin agus/nó don ócáid a bheidh i gceist, ar a laghad.	Bl.1
	Eile	Beidh gach óráid oifigiúil de chuid BOO Chorcaí a sheachadfar go príomha sa Ghaeltacht agus sna Gaelcholáistí i nGaeilge amháin.	I bhFeidhm
Teicneolaíocht Faisnéise	**Ríomhphost**	Beidh teachtaireachtaí caighdeánacha ríomhphoist amhail séanadh sa dá theanga. Foilseoimid seoladh ríomhphoist tiomanta le haghaidh fiosruithe i nGaeilge ar shuíomh gréasáin BOO Chorcaí.	Bl.1
	Suíomhanna Gréasáin	Beidh an t-ábhar statach ar leathanach baile BOOC agus na príomhleathanaigh shainithe ar shuíomh gréasáin an chomhlachta phoiblí ar fáil i nGaeilge.	Deireadh Bl.2
	Ríomhchórais	Beidh ríomhchórais nua ar bith a shuiteálfar ábalta déileáil go hiomlán leis an nGaeilge. Leanfaidh BOO Chorcaí le húsáid ghníomhach a bhaint as teicneolaíocht chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí dátheangacha.	I bhfeidhm nuair is féidir faoi réir comhaontuithe Creataí Náisiúnta
	Seirbhísí Idirghníomhacha	Cuirfear seirbhísí ar líne agus idirghníomhacha ar bith a fhorbróidh an comhlacht poiblí é féin ar fáil sa dá theanga.	I bhfeidhm nuair is féidir
	Eile	Áireofar ar leathanach baile shuíomh gréasáin an Bhoird ráiteas fáilte dátheangach ón bPríomhfheidhmeannach, ina ndeimhneofar tiomantas an Bhoird maidir leis na gealltanais a gheall sé ina scéim teanga a chur chun feidhme. Má chinntíonn an Bord sluán amach anseo, beidh an sluán sin sa dá theanga.	Deireadh Bl.1
Gaeltacht	**Cruinnithe**	Stiúrfar cruinnithe a thionólfar sa Ghaeltacht	I bhFeidhm

		agus sna Gaelcholáistí i nGaeilge den chuid is mó. Beidh fáilte roimh shleachta i nGaeilge nó i mBéarla ag na cruinnithe poiblí a eagróidh comhlacht poiblí nó a eagrófar thar a cheann. Stiúrfar cruinnithe an Bhoird Bhainistíochta sa Ghaeltacht agus sna Gaelcholáistí i nGaeilge chomh maith.	
	Logainmneacha	Úsáidfidh comhlacht poiblí logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta i gcomhréir leis an reachtaíocht.	I bhFeidhm

Caibidil 5: Feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí Gaeilge sna Ceantair Ghaeltachta

Feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí Gaeilge sna Ceantair Ghaeltachta agus sna Gaelcholáistí agus a chinntiú go ndéanfar an teanga oibre den Ghaeilge in oifigí atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta agus sna Gaelcholáistí faoi dháta áirithe.

Gealltanais sna Ceantair Ghaeltachta agus sna Gaelcholáistí

Cur síos ar na seirbhísí sna Ceantair Ghaeltachta agus sna Gaelcholáistí	**Gealltanas**	**Amlíne Faoi dheireadh Bhliain 1/ Bl.2 / Bl.3**
Coláiste Ghobnatan, Baile Bhuirne, Ionad Cultúrtha Baile Bhuirne, Scoil Mhuire Bhéal Átha an Ghaorthaidh, Coláiste Daibhéid, Gaelcholáiste Carraig Uí Leighin, Gaelcholáiste Choilm	Leanúint le tacú leis na hionaid sin sa ghealltanas maidir le soláthar i nGaeilge amháin	Ar siúl
Seirbhísí Litearthachta d'Aosaigh	Aistriú go seirbhís dhátheangach	Ar siúl
Seirbhís Oideachais Phobail	Aistriú go seirbhís dhátheangach	Ar siúl
Gnóthaí na hÓige	Leanúint le tacú leis na hionaid sin sa ghealltanas maidir le haistriú go seirbhís dhátheangach	Ar siúl
Earcaíocht agus Ionadú	Déanfaidh BOO Chorcaí a dhícheall a chinntiú go mbeidh inniúlacht dhóthanach sa Ghaeilge ag ceapacháin foirne.	Ar siúl

An Ghaeilge mar theanga oibre in oifig na Gaeltachta agus na nGaelcholáistí	
Gealltanas	**Amlíne Faoi dheireadh Bhliain 1/ Bl.2 / Bl.3**
Beidh comhfhreagras le pobal na Gaeltachta agus na nGaelcholáistí i nGaeilge amháin nó sa dá theanga. Cuirfear córas i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh comhfhreagras le baill de phobal na Gaeltachta agus na nGaelcholáistí i nGaeilge amháin, má theastaíonn sé sin uathu.	Bl.1
Beidh an Ghaeilge mar an teanga oibre i ngach oifig Ghaeltachta agus Ghaelcholáiste faoi dheireadh an dara Scéime.	I bhFeidhm

Caibidil 6: Feabhas a chur ar Chumas Teanga

6.1 Earcaíocht

Beidh earcaíocht ball foirne ag a bhfuil an leibhéal cuí inniúlachta sa Ghaeilge i ngach réimse oibre de chuid BOO Chorcaí ar an bpríomhdhóigh a ndéanfar infhaighteacht seirbhísí i nGaeilge a bharrfheabhsú. Díreofar aird inár mbeartas earcaíochta, atá faoi réir an chreata um nósanna imeachta náisiúnta earcaíochta, ar an ngá atá le feabhas a chur ar chumas na Gaeilge ar bhonn incriminteach.

Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin ar fáil do gach ball foirne nua ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe lena chinntiú go mbeidh siad ar an eolas faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht.

6.2 Foghlaim agus Forbairt

Tá BOO Chorcaí tiomanta do dheiseanna a chur ar fáil don fhoireann chun freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, ag brath ar na hacmhainní. Tabharfar comhairle do na baill foirne ar fad maidir le saoráidí/deiseanna chun feabhas a chur ar a n-inniúlacht sa Ghaeilge.

		Gealltanas	Amlíne Faoi dheireadh Bhliain 1/ Bl.2 / Bl.3
Feabhas a chur ar Chumas na Gaeilge	**Earcaíocht**	Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin ar fáil do bhaill foirne nua ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe.	Bl.1
	Oiliúint	Rinneadh suirbhé foirne lena leibhéil oilteachta sa Ghaeilge a thomhas, trína léireoidh siad a n-oilteacht sa teanga mar Líofa, nó An-mhaith nó Go Maith nó Réasúnta nó Lag. Cuirfear deiseanna ar fáil chun inniúlacht na foirne sa Ghaeilge a fhorbairt. Déanfar socruithe cuí le haghaidh sholáthar oiliúint na Gaeilge don fhoireann chun: - tacaíocht a thabhairt don fhoireann maidir lena n-oilteacht sa Ghaeilge a choimeád agus a fhorbairt, - feabhas a chur ar chumas na foirne a n-oibleagáidí Gaeilge a chomhlíonadh agus a ndualgais á ndéanamh acu. Cuirfear an fhoireann ar an eolas faoi acmhainní teanga amhail www.focloir.ie, www.tearma.ie, www.gaois.ie, www.teanglann.ie agus www.abair.ie, chomh maith le	Tá clár oiliúna á chur i bhfeidhm againn faoi láthair ag tosú le Foireann na Ceannoifige. Bl.2

		WinGléacht, leagan leictreonach d'fhoclóir Gaeilge- Béarla Uí Dhónaill. Cuirfear an fhoireann ar an eolas chomh maith faoi na cúrsaí teanga atá ar fáil e.g. www.gaelchultur.ie, www.gael-linn.ie	
	Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cur chun cinn teanga/Soláthar acmhainní teanga	Beidh an fhoireann ar an eolas faoin scéim - ag soláthar seirbhísí go réamhghníomhach sa Ghaeilge don phobal. Éascófar rochtain ar eolas faoi na hacmhainní teanga.	Ar siúl
	Eile	Cuirfear póstaeir maidir le cearta teanga (atá ar fáil ón Oifig an Choimisinéara Teanga) ar taispeáin go soiléir i ngach oifig riaracháin, gach scoil agus gach ionaid oideachais aitheanta de chuid BOO Chorcaí.	Bl.1

6.3 Poist Gaeilge Ainmnithe

Tá na poist thíos ainmnithe mar phoist lena dteastaíonn cumas sa Ghaeilge. Is é an rún go mbeidh caighdeáin chreidiúnaithe faoi leith ag sealbhóirí na bpost sin sa Ghaeilge, ar coiméad le freagrachtaí an phoist. Agus na poist sin á gceapadh, tugadh aird faoi leith ar na poist sna ceantair Ghaeltachta, agus ar phoist lasmuigh de na ceantair Ghaeltachta ach a bhfuil pobail Gaeltachta agus/nó cainteoirí Gaeilge ina mbonn custaiméirí de chuid is mó.

Teideal an Phoist	Suíomh	Pobal Gaeltachta/cainteoirí Gaeilge ar a bhfreastalaítear	Léiriú den chaighdeán Gaeilge a theastaíonn (roghnaithe ó bhunchaighdeán, caighdeán idirmheánach nó ardchaighdeán)
Príomhoide, Leas-Phríomhoide agus Múinteoirí	Scoil/Coláiste	Scoileanna Gaeltachta agus Gaelcholáistí, Ionad Cultúrtha	Ardleibhéal ag Teastáil
Comhordaitheoirí agus daoine freagracha	Ionaid Oideachais agus Oiliúna	Gaeltacht Mhúscraí agus Gaelcholáistí	Ardleibhéal ag Teastáil
Rúnaithe Scoile, fostaithe Riaracháin, Foireann Choimhdeacha	Scoileanna agus Ionaid	Gaeltacht Mhúscraí agus Gaelcholáistí	Meánleibheál ag Teastáil, Ardleibhéal Inmhianaithe

Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach agus a Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí monatóireacht agus athbhreithniú ar chur chun feidhme na scéime ar bhonn rialta. Is féidir ceisteanna maidir leis an scéim a chur chuig **eolas@corketb.ie.**

Cuirfear córas foirmiúil chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí tríd an nGaeilge ar fáil agus déanfar é a thaifeadadh inár dTuarascáil Bhliantúil. Cuireadh seoladh ríomhphoist sonrach ar bun chun na críocha sin (féach thuas).

Déanfar próiseas comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara ar fad i ndáil leis an dóigh is fearr lenár ngealltanais a chur chun feidhme anseo, ar son cur chun cinn agus cur ar aghaidh úsáid na Gaeilge san áit oibre agus i seachadadh ár seirbhísí a chinntiú.

Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar an scéim a phoibliú go hinmheánach agus go seachtrach araon. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus scaipfear ar an bhfoireann uile agus ar ghníomhaireachtaí cuí é.

Lena chois sin, glacfaimid gach deis inár n-idirghníomhaíocht laethúil le custaiméirí chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil sa Ghaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú ar na bealaí seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas go díreach ar bhonn réamhghníomhach faoin rogha a ngnó a dhéanamh linn i nGaeilge, mar shampla, trí thaispeántais na bhfógraí sna láithreacha fáilteachais, ina léirítear na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;

- na seirbhísí sin a liostú go soiléir ar ár suíomh gréasáin;

- a léiriú ar threoirlínte, ar bhileoga agus ar fhoirmeacha iarratais roghnaithe go bhfuil na doiciméid sin ar fáil i nGaeilge chomh maith, mura bhfuil siad curtha i láthair sa dá theanga;

- suntasach chothrom a thabhairt d'ábhair i nGaeilge agus d'ábhair i mBéarla.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.